Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Meán Fómhair 2019**
**(OR. en)**

**12140/19**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0217(COD)**

**AGRI 438**
**AGRIFIN 52**
**FIN 572**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh. 04/2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: "The control system for organic products has improved, but some challenges remain" [Tá feabhas tagtha ar chóras rialaithe na dtáirgí orgánacha, ach tá roinnt dúshlán fós ann]<br>- *Conclúidí ón gComhairle (16 Meán Fómhair 2019)* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le:

*Tuarascáil Speisialta Uimh. 04/2019: "The control system for organic products has improved, but some challenges remain" [Tá feabhas tagtha ar chóras rialaithe na dtáirgí orgánacha, ach tá roinnt dúshlán fós ann]*

a ghlac an Chomhairle ag an 3712ú cruinniú a bhí aici, ar an 16 Meán Fómhair 2019.

**IARSCRÍBHINN**

# CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE

**maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 04/2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal:**

***"The control system for organic products has improved, but some challenges remain"***
***[Tá feabhas tagtha ar chóras rialaithe na dtáirgí orgánacha, ach tá roinnt dúshlán fós ann]***

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI Tuarascáil Speisialta Uimh. 04/2019 ón gCúirt maidir le *"The control system for organic products has improved, but some challenges remain"* [Tá feabhas tagtha ar chóras rialaithe na dtáirgí orgánacha, ach tá roinnt dúshlán fós ann], a d'eascair as Tuarascáil Speisialta Uimh. 9/2012 ón gCúirt maidir le "Iniúchadh ar an gcóras rialaithe lena rialaítear táirgeadh, próiseáil, dáileadh agus allmhairiú táirgí orgánacha";

2. TUGANN SÍ DÁ hAIRE toradh foriomlán na Cúirte go bhfuil feabhas tagtha ar chóras rialaithe na dtáirgí orgánacha san Aontas le blianta beaga anuas ach go bhféadfaí gníomhaíocht bhreise a dhéanamh i dtaca leis na laigí atá fós ann;

3. TUGANN SÍ DÁ hAIRE na moltaí ón gCúirt, iad go léir dírithe chuig an gCoimisiún, agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE freisin go nglacann an Coimisiún le gach moladh díobh sin ina n-iomláine agus go bhfuil nó go mbeidh obair leantach iomchuí déanta aici maidir leis na moltaí sin, mar a leagtar amach sna freagraí ón gCoimisiún atá san áireamh sa tuarascáil speisialta;

4. MEABHRAÍTEAR DI go bhforáiltear leis an Rialachán Orgánach, a thiocfaidh i bhfeidhm in 2021, do shonrú socruithe aonfhoirmeacha i ndáil le cásanna ina bhfuil amhras faoi neamhchomhlíonadh nó ina mbunaítear neamhchomhlíonadh; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún treoraíocht a eisiúint maidir le catalóga náisiúnta beart i ndáil leis seo a dhréachtú seachas comhchuibhiú iomlán sa réimse seo a mholadh;

5. CREIDEANN SÍ go dtiocfadh leis an gCoimisiún agus na Ballstáit dlús a chur leis na hiarrachtaí feabhas a chur ar na córais rialaithe le haghaidh allmhairiú táirgí orgánacha, go háirithe a mhéid a bhaineann leis na seiceálacha a dhéanann comhlachtaí rialaithe ar allmhaireoirí.